

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/384 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Márta 2022

lena leasaítear larscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann le hoiriúnú na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 41(3), an chéad agus an tríú fomhír, Airteagal 42(2), an chéad fhomhír, an frása réamhráiteach agus pointí (a) agus (b), agus an dara fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is éard a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ⁽²⁾ bearta cur chun feidhme maidir leis na rialacha sláinte poiblí agus na rialacha sláinte ainmhithe i leith seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, lena n-áirítear na liostaí de thríú tíortha óna n-údaraitear seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a allmhairiú isteach san Aontas agus a chur ar idirthuras tríd.
- (2) Rud is sonraí fós, déantar tagairt in larscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 do na liostaí de thríú tíortha óna n-údaraitear seachtháirgí áirithe ainmhithe agus táirgí díorthaithe áirithe a allmhairiú isteach san Aontas agus a chur ar idirthuras tríd, go háirithe trí chrostagairtí do na liostaí de thríú tíortha óna n-údaraitear táirgí de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine a allmhairiú isteach san Aontas agus a chur ar idirthuras tríd a leagtar síos i ngníomhartha eile de chuid an Choimisiúin.

⁽¹⁾ IO L 300, 14.11.2009, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samplaí agus ítimí áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

- (3) Tar éis athbhreithniú mór a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais maidir le sláinte ainmhithe le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, agus tar éis rialuithe oifigiúla le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, rinneadh roinnt gníomhartha ón gCoimisiún lena leagtar síos liostaí de thríú tíortha óna n-údaraítear táirgí de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine a allmhairiú isteach san Aontas agus a chur ar idirthuras tríd, dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, rinneadh iad a aisghairm agus a ionadú, go háirithe le gníomhartha arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2016/429 agus Rialachán (AE) 2017/625.
- (4) Glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾ de bhun Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos ann na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh, nó de dheighleoga díobh i gcás ainmhithe dobharshaothraithe, óna gceadaítear coinsíneachtaí de speicis agus de chatagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas. Ina theannta sin, glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ de bhun Rialachán (AE) 2017/625, agus leagtar síos ann na liostaí de thríú tíortha nó de na réigiúin díobh óna gceadaítear coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe agus d'earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas. Mar sin féin, ní thagann seachtháirgí ainmhithe ná táirgí díorthaithe faoi raon feidhme an dá rialachán sin.
- (5) Dá réir sin, na liostaí de na tríú tíortha óna n-údaraítear seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a allmhairiú isteach san Aontas agus a chur ar idirthuras tríd a theacht isteach san Aontas agus a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, ba cheart na liostaí sin a thabhairt cothrom le dáta, go háirithe trí thagairtí do Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus (AE) 2021/405 a chur in ionad na dtagairtí do na liostaí de thríú tíortha a leagtar síos sna gníomhartha aisghairthe ón gCoimisiún.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) 142/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

- ⁽³⁾ Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).
- ⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).
- ⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).
- ⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 mar a leanas:

1. i gCaibidil I, Roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 1:

“Tábla 1

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
1	Próitéiní ainmhíocha próiseáilte, lena n-áirítear meascáin agus táirgí seachas bia peataí ina bhfuil na próitéiní sin, agus beathaí cumaisc ina bhfuil na próitéiní sin mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2), pointe (h), de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (a), (b), (d), (e), (f), (h), (i), (j), (k), (l) agus (m)	(a) Ní mór na próitéiní ainmhíocha próiseáilte a bheith táirgthe i gcomhréir le Roinn 1 de Chaibidil II d'Iarscríbhinn X; agus (b) Comhlíonfaidh na próitéiní ainmhíocha próiseáilte na ceanglais bhreise a leagtar amach i Roinn 2 den Chaibidil seo.	(a) I gcás próitéiní ainmhithe próiseáilte seachas min éisc: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII nó i gCuid 1, Roinn A, d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún *, agus na tríú tíortha seo a leanas: (AL) An Albáin (DZ) An Ailgéir (SV) An tSalvadóir (b) I gcás min éisc: Tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún **.	(a) I gcás próitéiní ainmhithe próiseáilte seachas iad sin a dhíorthaítear ó fheithidí saothraithe: Iarscríbhinn XV, Caibidil 1. (b) I gcás próitéiní ainmhithe próiseáilte a dhíorthaítear ó fheithidí saothraithe: Iarscríbhinn XV, Caibidil 1a.
2	Táirgí fola le haghaidh ábhar beatha	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (a) agus pointe (b)(i).	Ní mór na táirgí fola a bheith táirgthe i gcomhréir le Caibidil II, Roinn 2, d'Iarscríbhinn X agus le Caibidil I, Roinn 5, d'Iarscríbhinn XIV.	(a) I gcás táirgí fola ó chrúbaigh: Tríú tíortha nó codanna díobh a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 nó in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/405, óna n-údaraítear allmhairí de gach catagóir d'fheoil úr na speiceas faoi seach. (b) I gcás táirgí fola ó speicis eile: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII nó i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.	Iarscríbhinn XV, Caibidil 4(B).

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
3	Saill leáite agus ola éisc	(a) I gcás saillte leáite seachas ola éisc: Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (a), (b), (d), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k). (b) I gcás ola éisc: Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (e), (f), (i) agus (j).	(a) Ní mór an tsail leáite agus an ola éisc a bheith táirgthe i gcomhréir le Caibidil II, Roinn 3, d'Iarscríbhinn X. agus (b) Comhlíonfaidh an tsail leáite na ceanglais bhreise a leagtar amach i Roinn 3 den Chaibidil seo.	(a) I gcás saillte leáite seachas ola éisc: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII nó i gCuid 1, Roinn A, d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus na tríú tíortha seo a leanas: (AL) An Albáin (DZ) An Ailgéir (SV) An tSalvadóir (b) I gcás ola éisc: Tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.	(a) I gcás saillte leáite seachas ola éisc: Iarscríbhinn XV, Caibidil 10 (A). (b) I gcás ola éisc: Iarscríbhinn XV, Caibidil 9.
4	Bainne, táirgí bunaithe ar bhainne agus táirgí a dhíorthaítear ó bhainne, an gruth bhuí agus táirgí an ghrutha bhuí:	(a) Bainne, táirge bunaithe ar bhainne: Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (e), (f) agus (h). (b) Gruth buí, táirgí bunaithe ar ghruth buí: Ábhair de Chatagóir 3 ó ainmhithe beo nár léirigh aon chomhartha de ghalar atá in-tarchurtha tríd an ngruth buí chuig daoine nó ainmhithe.	Comhlíonfaidh an bainne, na táirgí bunaithe ar bhainne, an gruth buí agus táirgí an ghrutha bhuí na ceanglais a leagtar amach i Roinn 4 den Chaibidil seo.	(a) I gcás bainne agus táirge bunaithe ar bhainne: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII, nó i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 le haghaidh allmhairí bainne ó chrúbaigh nó Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 le haghaidh allmhairí bainne ó dhlúthchrúbaigh. (b) I gcás an ghrutha bhuí agus tháirgí an ghrutha bhuí: Tríú tíortha a liostaítear de réir mar a údaraítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 le haghaidh allmhairí bainne ó chrúbaigh nó Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 le haghaidh allmhairí bainne ó dhlúthchrúbaigh.	(a) I gcás bainne, táirge bunaithe ar bhainne agus táirgí a dhíorthaítear ó bhainne: Iarscríbhinn XV, Caibidil 2(A). (b) I gcás an ghrutha bhuí agus tháirgí an ghrutha bhuí: Iarscríbhinn XV, Caibidil 2(B).

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
5	Geilitín agus próitéiní hidrealaithe	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (a), (b), (e), (f), (g), (i) agus (j), agus, i gcás próitéiní hidrealaithe: Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (d), (h) agus (k).	Ní mór an geilitín agus na próitéiní hidrealaithe a bheith táirgthe i gcomhréir le Caibidil II, Roinn 5, d'Iarscríbhinn X.	(a) Tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn XII nó in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, agus na tríú tíortha seo a leanas: (EG) An Éigipt (b) I gcás geilitín agus próitéiní hidrealaithe ó éisc: Tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.	(a) I gcás geilitín: Iarscríbhinn XV, Caibidil 11. (b) I gcás próitéiní hidrealaithe: Iarscríbhinn XV, Caibidil 12.
6	Fosfáit déchailciam	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (a), (b), (d), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).	Ní mór an fhosfáit déchailciam a bheith táirgthe i gcomhréir le Caibidil II, Roinn 6, d'Iarscríbhinn X.	Tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn XII nó in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.	Iarscríbhinn XV, Caibidil 12.
7	Fosfáit déchailciam	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (a), (b), (d), (e), (f), (g), (h), (i) agus (k).	Ní mór an fhosfáit trichailciam a bheith táirgthe i gcomhréir le Caibidil II, Roinn 7, d'Iarscríbhinn X.	Tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn XII nó in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.	Iarscríbhinn XV, Caibidil 12.
8	Collaigin	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (a), (b), (e), (f), (g), (i) agus (j).	Ní mór an chollaigin a bheith táirgthe i gcomhréir le Caibidil II, Roinn 8, d'Iarscríbhinn X.	Tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn XII nó in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.	Iarscríbhinn XV, Caibidil 11.
9	Táirgí uibhe	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (e) agus (f), agus pointe (k)(ii).	Ní mór na táirgí uibhe a bheith táirgthe i gcomhréir le Caibidil II, Roinn 9, d'Iarscríbhinn X.	Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII, tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV, nó tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.	Iarscríbhinn XV, Caibidil 15.

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118)."

2. i gCaibidil II, Roinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 2:

“Tábla 2

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
1	Aoileach próiseáilte, táirgí a dhíorthaítear ó aoileach próiseáilte, frass agus guanó ó ialtóga	Ábhair de Chatagóir 2 dá dtagraítear in Airteagal 9, pointe (a).	An t-aoileach próiseáilte, na táirgí a dhíorthaítear ó aoileach próiseáilte agus guanó ó ialtóga, ní mór na nithe sin a bheith táirgthe i gcomhréir le Caibidil I, Roinn 2, d'Iarscríbhinn XI.	Tríú tíortha a liostaítear sna nithe seo a leanas: (a) Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIII nó Cuid 1, Roinn A, d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcás aoileach próiseáilte crúbach, frass nó guanó ó ialtóga, agus na tríú tíortha seo a leanas: (AL) An Albáin (DZ) An Ailgéir (SV) An tSalvadóir; (b) Cuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcás aoileach próiseáilte dlúthchrúbaigh; nó (c) Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcás aoileach próiseáilte éanlaith clóis;	Iarscríbhinn XV, Caibidil 17.
2	Táirgí fola, gan táirgí fola ó each-ainmhithe a áireamh, chun táirgí díorthaithe a mhonarú lena n-úsáid taobh amuigh den slabhra beathaithe d'ainmhithe feirmshaothraithe	Ábhair de Chatagóir 1 dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (c) agus pointe (d), agus ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (a), (b), (d) agus (h).	Ní mór na táirgí fola a bheith táirgthe i gcomhréir le Roinn 2.	Na tríú tíortha seo a leanas: (a) i gcás táirgí fola neamhchóireáilte ó chrúb-aigh: Tríú tíortha nó codanna díobh a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 óna n-údaraítear allmhairí feola úire ó aon speiceas crúbaigh tí, agus ar feadh na tréimhse a shonraítear i gcolúin 7 agus 8 den Chuid sin amháin. (b) i gcás táirgí fola neamhchóireáilte ó éanlaith chlóis agus ó speicis éanúla eile: Tríú tíortha nó codanna de thríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.	(a) I gcás táirgí fola neamhchóireáilte: Iarscríbhinn XV, Caibidil 4 (C). (b) I gcás táirgí fola cóireáilte: Iarscríbhinn XV, Caibidil 4 (D).

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
				(c) i gcás táirgí fola neamhchóireáilte ó ainmhithe eile: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, nó in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún. (d) i gcás táirgí fola cóireáilte ó aon speiceas eile: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII, nó i gCuid 1, Roinn A, d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, nó in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, agus na tríú tíortha seo a leanas: (AL) An Albáin (DZ) An Ailgéir (SV) An tSalvadóir	
3	Fuil agus táirgí fola ó each-ainmhithe	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (a), (b), (d) agus (h).	Comhlíonfaidh an fhuil agus na táirgí fola na ceanglais a leagtar amach i Roinn 3.	Na tríú tíortha seo a leanas: (a) i gcás fuil a bailíodh i gcomhréir le Caibidil IV, pointe 1 d'Iarscríbhinn XIII nó i gcás inar táirgeadh táirgí fola de réir phointe 2(b)(i) den Chaibidil sin: Tríú tíortha nó codanna díobh a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, óna n-údaraítear capaill chláráithe nó each-ainmhithe cláráithe a allmhairiú, nó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.	Iarscríbhinn XV, Caibidil 4(A).

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
				(b) i gcás táirgí fola a cóireáladh i gcomhréir le Caibidil IV, pointe 2(b)(ii), d'Iarscríbhinn XIII: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/404, óna n-údaraítear capaill chláráithe nó each-ainmhithe cláráithe a allmhairiú nó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405	
4	Seithí agus craicne ó chrúbaigh atá úr nó fuaraithe	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (a), agus pointe (b) (iii).	Comhlíonfaidh na seithí agus na craicne na ceanglais a leagtar amach i Roinn 4, pointe 1 agus pointe 4.	Tagann na seithí agus na craicne ó thríú tír, nó, i gcás réigiúnú i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, ó chuid de thríú tír a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, nó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/405, óna n-údaraíonn na Ballstáit allmhairí feola úire ón speiceas céanna.	Iarscríbhinn XV, Caibidil 5(A).
5	Seithí cóireáilte agus craicne cóireáilte ó chrúbaigh	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (a), pointe (b)(i) agus (iii) agus pointe (n).	Comhlíonfaidh na seithí agus na craicne na ceanglais a leagtar amach i Roinn 4, pointe 2, pointe 3 agus pointe 4.	(a) I gcás seithí cóireáilte agus craicne cóireáilte ó chrúbaigh: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII nó i gCuid 1, Roinn A, d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus na tríú tíortha seo a leanas: (AL) An Albáin (DZ) An Ailgéir (SV) An tSalvadóir. (b) I gcás seithí cóireáilte agus craicne cóireáilte ó athchogantaigh atá beartaithe lena seoladh chuig an Aontas agus a coimeádh	(a) I gcás seithí cóireáilte agus craicne cóireáilte ó chrúbaigh, seachas na cinn a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i Roinn 4, pointe 2: Iarscríbhinn XV, Caibidil 5(B). (b) I gcás seithí cóireáilte agus craicne cóireáilte ó athchogantaigh nó ó each-ainmhithe atá beartaithe lena seoladh chuig an Aontas agus a coimeádh

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
				adh ar leithligh óna chéile ar feadh 21 lá nó a dhéanfar a iompar ar feadh 21 lá gan bhriseadh sula n-allmhaireofar iad isteach san Aontas: Aon tríú tír.	ar leithligh óna chéile ar feadh 21 lá nó a dhéanfar a iompar ar feadh 21 lá gan bhriseadh sula n-allmhaireofar iad isteach san Aontas: An dearbhú oifigiúil a leagtar amach in Iarscríbhinn XV, Caibidil 5(C). (c) I gcás seithí cóireáilte agus craicne cóireáilte ó chrúbaigh a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i Roinn 4, pointe 2: Ní cheanglaítear aon deimhniú
6	Trófaithe géim agus ullmhóidí eile ó ainmhithe	Ábhair de Chatagóir 2 dá dtagraítear in Airteagal 9, pointe (f), a dhíorthaítear ó ainmhithe fiáine nach meastar a bheith ionfhabhtaithe le galar atá tógálach don duine nó d'ainmhithe, agus ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (a), pointe (b)(i), (iii) agus pointí (v) agus (n).	Comhlíonfaidh na trófaithe géim agus ullmhóidí eile na ceanglais a leagtar amach i Roinn 5.	(a) I gcás trófaithe géim agus ullmhóidí eile dá dtagraítear i Roinn 5, pointe 2: Aon tríú tír. (b) I gcás trófaithe géim agus ullmhóidí eile dá dtagraítear i Roinn 5, pointe 3: (i) Trófaithe géim ó éin: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 óna n-údaraíonn na Ballstáit allmhairí feola úire ó éanlaith chlóis, agus na tíortha agus na críocha seo a leanas: (GL) An Ghraonlainn (TN) An Túinéis. (ii) Trófaithe géim ó chrúbaigh: Tríú tíortha a liostaítear sna colúin iomchuí maidir le feoil úr ó chrúbaigh i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, lena n-áirítear aon srian a leagtar síos sa cholún maidir	(a) I gcás trófaithe géim dá dtagraítear i Roinn 5, pointe 2: Iarscríbhinn XV, Caibidil 6(A). (b) I gcás trófaithe géim dá dtagraítear i Roinn 5, pointe 3: Iarscríbhinn XV, Caibidil 6(B). (c) I gcás trófaithe géim dá dtagraítear i Roinn 5, pointe 1: Ní cheanglaítear aon deimhniú.

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
				le dálaí speisialta i ndáil le feoil úr, nó in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 i gcás dlúthchrúbach.	
7	Guairí muc	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (b)(iv).	Ní mór na guairí muc a bheith faighte ó ainmhithe a thagann ó sheamlais agus a maraíodh i seamlas, sa tríú tír tionscnaimh.	(a) I gcás guairí muc neamhchóireáilte: Tríú tíortha, nó, i gcás réigiúnú, réigiúin díobh, a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII, nó i Roinn A de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus na tríú tíortha seo a leanas a bhí saor ó fhiabhras Afracach na muc le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta an allmhairithe isteach san Aontas: (AL) An Albáin (DZ) An Ailgéir (SV) An tSalvadóir (b) I gcás guairí muc cóireáilte: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII, nó i gCuid 1, Roinn A d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus na tríú tíortha seo a leanas a d'fhéadfadh sé nach raibh siad saor ó fhiabhras Afracach na muc le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta an allmhairithe isteach san Aontas: (AL) An Albáin (DZ) An Ailgéir (SV) An tSalvadóir	(a) Mura raibh aon chás d'fhiabhras Afracach na muc ann le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta an allmhairithe isteach san Aontas: Iarscríbhinn XV, Caibidil 7(A). (b) I gcás ina raibh cás amháin nó níos mó ná sin d'fhiabhras Afracach na muc le linn na tréimhse 12 mhí roimh dháta an allmhairithe isteach san Aontas: Iarscríbhinn XV, Caibidil 7(B).

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
8	Olann agus fionnadh neamhchóireáilte ó ainmhithe seachas iad siúd a bhaineann leis an speiceas mucúil	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (h) agus (n).	(1) Ní mór an olann agus an fionnadh tirim neamhchóireáilte a bheith: (a) iata go daingean i bpacáistíocht; agus (b) seolta go díreach chuig gléasra a tháirgeann táirgí díorthaithe lena n-úsáid lasmuigh den slabhra beathaithe nó gléasra a dhéanann oibriúcháin idirmheánacha, faoi dhálaí a choisceann leathadh oibreán pataigineach. (2) Is olann agus fionnadh dá dtagraítear in Airteagal 25(2), pointe (e) iad an olann agus an ghruaig.	(1) Aon tríú tír. (2) Tríú tír nó réigiún di (a) a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus a údaráítear chun feoil úr ó athchogantaigh nach bhfuil faoi réir coinníollacha sonracha breise a allmhairiú isteach san Aontas; agus (b) atá saor ó ghalar crúb agus béil agus, i gcás olann agus fionnadh caorach agus gabhar, saor ó bholgach caorach agus gabhar i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmilgthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún *.	(1) Igcás allmhairí olann agus fionnadh neamhchóireáilte, ní cheanglaítear aon deimhniú. (2) Ceanglaítear dearbhú ón allmhairí i gcomhréir le Caibidil 21 d'Iarscríbhinn XV.
9	Cleítí cóireáilte, codanna de chleítí agus clúmh.	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (b)(v) agus pointí (h) agus (n).	Comhlíonfaidh na cleítí cóireáilte nó codanna de chleítí na ceanglais a leagtar amach i Roinn 6.	Aon tríú tír.	I gcás allmhairí cleítí cóireáilte, codanna de chleítí agus clúmh mín, ní cheanglaítear aon deimhniú.
10	Seachtháirgí beachadóireachta	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (e).	(a) I gcás seachtháirgí beachadóireachta a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid sa bheachadóireacht, seachas céir bheach i bhfoirm cíor mheala: (i) Bhí na seachtháirgí beachadóireachta faoi réir teocht – 12 °C nó teocht níos ísle ar feadh tréimhse 24 uair an chloig ar a laghad; nó (ii) Igcás céir bheach, rinneadh na hábhair a phróiseáil i gcomhréir le haon cheann de na modhanna próiseála 1 go 5 nó le modh próiseála	(a) I gcás seachtháirgí beachadóireachta a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid sa bheachadóireacht: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII nó i Roinn A de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus na tríú tíortha seo a leanas: (AL) An Albáin (CM) Camarún (DZ) An Ailgéir (SV) An tSalvadóir (b) I gcás céir bheach chun críoch eile seachas beathú a thabhairt d'ainmhithe feirmshaothraithe: Aon tríú tír.	(a) I gcás seachtháirgí beachadóireachta a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid sa bheachadóireacht: Iarscríbhinn XV, Caibidil 13. (b) I gcás céir bheach chun críoch eile seachas beathú a thabhairt d'ainmhithe feirmshaothraithe: Doiciméad tráchtála a fhianáin an mínghlánadh nó an phróiseáil.

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
			7, mar a leagtar amach i gCaibidil III d'Iarscríbhinn IV, agus mínghlanadh í sula ndearnadh í a allmhairiú isteach san Aontas. (b) I gcás céir bheach, seachas céir bheach i bhfoirm cíor mheala, chun críoch eile seachas mar bheatha le haghaidh ainmhithe feirmshaothraithe, rinneadh an chéir bheach a mhínglanadh agus a phróiseáil i gcomhréir le haon cheann de na modhanna próiseála 1 go 5 nó le modh próiseála 7, mar a leagtar amach i gCaibidil III d'Iarscríbhinn IV sula ndearnadh í a allmhairiú isteach san Aontas.		
11	Cnámha agus táirgí cnámha (seachas min chnámh), adharca agus táirgí adharca (gan min adharca a áireamh) agus crúba agus táirgí crúb (gan min crúb a áireamh) lena n-úsáid chun críoch eile seachas mar ábhar beatha, mar leasachán orgánach nó mar fheabhsaitheoir ithreach	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (a), pointe (b)(i) agus (iii) agus pointí (e) agus (h).	Comhlíonfaidh na táirgí na ceanglais a leagtar amach i Roinn 7.	Aon tríú tír.	Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis na táirgí: (a) doiciméad tráchtála mar a leagtar amach i Roinn 7, pointe 2; agus (b) dearbhú ón allmhaireoir i gcomhréir le hIarscríbhinn XV, Caibidil 16 i dteanga oifigiúil amháin ar a laghad de chuid Bhallstát na chéad iontrála agus i dteanga oifigiúil amháin ar a laghad de chuid an Bhallstáit is ceann scríbe.
12	Bia peataí, lena n-áirítear ábhair choganta le haghaidh madraí	(a) I gcás bia peataí próiseáilte agus ábhair choganta le haghaidh madraí: ábhair dá dtagraítear in Airteagal 35, pointe (a)(i) agus (ii).	Ní mór an bia peataí agus na hábhair choganta le haghaidh madraí a bheith táirgthe i gcomhréir le Caibidil II d'Iarscríbhinn XIII.	(a) I gcás bia peataí amh: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, nó in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/405, óna n-údaraíonn na Ballstáit allmhairí feola úire ón speiceas céanna agus i gcás ina gceadaítear feoil ar an gcnámh.	(a) I gcás bia peataí stánaithe: Iarscríbhinn XV, Caibidil 3(A). (b) I gcás bia peataí próiseáilte seachas bia peataí stánaithe: Iarscríbhinn XV, Caibidil 3(B).

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
		(b) I gcás bia peataí amh: ábhair dá dtagraítear in Airteagal 35, pointe 5(a)(iii).		I gcás ábhair éisc, tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. (b) I gcás ábhair choganta le haghaidh madraí agus bia peataí seachas bia peataí amh: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV nó i gCuid 1, Roinn A, d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus na tríú tíortha seo a leanas: (AL) An Albáin (EC) Eacuadór (DZ) An Ailgéir (GE) An tSeoirsia (bia peataí próiseáilte seachas bia peataí stánaithe) (LK) Srí Lanca (SA) An Araib Shádach (bia peataí próiseáilte de bhunadh éanlaith chlóis amháin) (SV) An tSalvadóir (TW) An Téaváin I gcás bia peataí próiseáilte a dhíorthaítear ó ábhair éisc, tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.	(c) I gcás ábhair choganta le haghaidh madraí: Iarscríbhinn XV, Caibidil 3(C). (d) I gcás bia peataí amh: Iarscríbhinn XV, Caibidil 3(D).
13	Ionathar blaitithe chun bia peataí a mhonarú	Ábhair dá dtagraítear in Airteagal 35, pointe (a).	Ní mór an t-ionathar blaitithe a bheith táirgthe i gcomhréir le Caibidil III d'Iarscríbhinn XIII.	Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, nó in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/405, óna n-údaraíonn na Ballstáit allmhairí feola úire ón speiceas céanna agus i gcás ina gceadaítear feoil ar an gcnámh. I gcás ionathar blaitithe ó ábhair éisc, tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.	Iarscríbhinn XV, Caibidil 3(E).

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
				I gcás ionathar blaitithe de bhunadh éanlaith chlóis, tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, óna n-údaraíonn na Ballstáit allmhairí feola éanlaithe clóis úire. I gcás ionathar blaitithe ó mhamaigh talún fiáine áirithe agus ó leipiridigh, tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 óna n-údaraíonn Ballstáit allmhairí feola úire ón speiceas céanna.	
14	seachtháirgí ainmhithe chun bia peataí seachas bia peataí amh a mhonarú chomh maith le táirgí díorthaithe lena n-úsáid taobh amuigh den slabhra beathaithe	(a) Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airt-eagal 10, pointí (a) go (m). (b) I gcás ábhair chun bia peataí a mhonarú, ábhair de Chatagóir 1 dá dtagraítear in Airt-eagal 8, pointe (c). (c) I gcás fionnadh chun táirgí díorthaithe a mhonarú, ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (n).	Comhlíonfaidh na táirgí na ceanglais a leagtar amach i Roinn 8.	(a) I gcás seachtháirgí ainmhithe chun bia peataí a mhonarú: (i) I gcás seachtháirgí ainmhithe ó bhó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach, ainmhithe den chineál gabhair, ainmhithe den speiceas mucúil agus each-ainmhithe, lena n-áirítear ainmhithe feirme agus ainmhithe fiáine: Tríú tíortha nó codanna díobh a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 nó in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/405, óna n-údaraítear allmhairí feola úire lena gcaitheamh ag an duine. (ii) I gcás amhábhair ó éanlaith chlóis lena n-áirítear raitítigh: Tríú tíortha nó codanna de thríú tíortha óna n-údaraíonn na Ballstáit allmhairí feola úire éanlaithe clóis agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.	(a) I gcás seachtháirgí ainmhithe chun bia peataí próiseáilte a mhonarú: Iarscríbhinn XV, Caibidil 3(F). (b) I gcás seachtháirgí ainmhithe chun táirgí a mhonarú lena n-úsáid taobh amuigh den slabhra beathaithe d'ainmhithe feirmshaothraithe: Iarscríbhinn XV, Caibidil 8.

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
				(iii) I gcás bia peataí amh: Tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. (iv) I gcás amhábhair ó mhamaigh talún fiáine eile agus leipiridigh: Tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn V nó in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. (b) I gcás seachtháirgí ainmhithe chun cógaisíocht a mhonarú: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV nó i gCuid 1, Roinn A, d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, nó in Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn V nó Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, agus na tríú tíortha seo a leanas: (AL) An Albáin (DZ) An Ailgéir (PH) Na hOileáin Philipíneacha (SV) An tSalvadóir (TW) An Téaváin. (c) I gcás seachtháirgí ainmhithe chun táirgí a mhonarú lena n-úsáid taobh amuigh den slabhra beathaithe d'ainmhithe feirm-shaothraithe, seachas an chógasáíocht: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII nó i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, in Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn V nó Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.	

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
				I gcás ábhair éisc, tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. (d) I gcás fionnadh chun táirgí díorthaithe í a mhonarú: Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún óna n-údaraitear feoil úr ó chrúbaigh a theacht isteach san Aontas.	
15	Seachtháirgí ainmhithe lena n-úsáid mar bhia peataí amh	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointe (a) agus pointe (b)(i) agus (ii).	Comhlíonfaidh na táirgí na ceanglais a leagtar amach i Roinn 8.	Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII, nó Cuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, nó in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/405, óna n-údaráionn na Ballstáit allmhairí feola úire ón speiceas céanna agus i gcás ina gceadaítear feoil ar an gcnámh. I gcás ábhair éisc, tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.	Iarscríbhinn XV, Caibidil 3(D).
16	Seachtháirgí ainmhithe lena n-úsáid i mbeatha le haghaidh ainmhithe fionnaidh	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (a) go (m).	Comhlíonfaidh na táirgí na ceanglais a leagtar amach i Roinn 8.	Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII, nó i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, nó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/405, óna n-údaráionn na Ballstáit allmhairí feola úire ón speiceas céanna agus i gcás ina gceadaítear feoil ar an gcnámh. I gcás ábhair éisc, tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.	Iarscríbhinn XV, Caibidil 3(D).

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
17	Saillte leáite chun críocha áirithe taobh amuigh den slabhra beathaithe d'ainmhithe feirmshaothraithe	(a) I gcás ábhair atá ceaptha chun bithdhíosal, táirgí olaheimic-eacha nó breoslaí inathnuaite dá dtagraítear i bpointe L de Roinn 2 de Chaibidil IV d'Iarscríbhinn IV a tháirgeadh: Ábhair de Chatagóirí 1, 2 agus 3 dá dtagraítear in Airteagal 8, Airt-eagal 9 agus Airt-eagal 10. (b) I gcás ábhair atá ceaptha chun breoslaí inathnuaite dá dtagraítear i Roinn 2, pointe J, de Chaibidil IV d'Iarscríbhinn IV a tháirgeadh: Ábhair de Chatagóirí 2 agus 3 dá dtagraítear in Airteagal 9 agus Airt-eagal 10. (c) I gcás ábhair atá ceaptha do leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach: Ábhair de Chatagóir 2 dá dtagraítear in Airt-eagal 9, pointí (c) agus (d) agus pointe (f)(i), agus ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, seachas na cinn i bpointí (c) agus (p).	Comhlíonfaidh na saillte leáite na ceanglais a leagtar amach i Roinn 9.	Tríú tíortha a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII nó i Roinn A de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus na tríú tíortha seo a leanas: (AL) An Albáin (DZ) An Ailgéir (SV) An tSalvadóir I gcás ábhair éisc, tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.	Caibidil 10(B) d'Iarscríbhinn XV.

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
		(d) I gcás ábhair atá ceaptha chun críocha eile: Ábhair de Chatagóir 1 dá dtagraítear in Airteagal 8, pointí (b), (c) agus (d), Ábhair de Chatagóir 2 dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (c) agus (d) agus pointe (f)(i), agus ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, seachas na cinn i bpointí (c) agus (p).			
18	Díorthaigh shail	(a) I gcás díorthaigh shaille lena n-úsáid taobh amuigh den slabhra beathaithe d'ainmhithe feirmshaothraithe: Ábhair de chatagóir 1 dá dtagraítear in Airteagal 8, pointí (b), (c) agus (d), ábhair de Chatagóir 2 dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (c) agus (d) agus Airteagal 9, pointe (f)(i), agus ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10. (b) I gcás díorthaigh shaille lena n-úsáid mar bheatha: Ábhair de Chatagóir 3 seachas ábhair dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (n), (o) agus (p);	Comhlíonfaidh na díorthaigh shaille na ceanglais a leagtar amach i Roinn 10.	Aon tríú tír.	(a) I gcás díorthaigh shaille lena n-úsáid taobh amuigh den slabhra beathaithe d'ainmhithe feirmshaothraithe: Iarscríbhinn XV, Caibidil 14(A). (b) I gcás díorthaigh shaille lena n-úsáid mar bheatha: Iarscríbhinn XV, Caibidil 14(B).

Uimh.	Táirge	Amhábhair (tagairt d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009)	Coinníollacha allmhairiúcháin agus idirthurais	Liosta na dtríú tíortha	Deimhnithe/doiciméid shamplacha
19	Fótaigheilitín	Ábhair de Chatagóir 1 dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (b), agus de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10.	Comhlíonfaidh an fótaigheilitín allmhairithe na ceanglais a leagtar amach i Roinn 11.	Ní fhéadfar fótaigheilitín a allmhairiú ach amháin ó bhunaíochtaí tionscnaimh sna Stáit Aontaithe agus sa tSeapáin atá údaráithe i gcomhréir le Roinn 11.	Iarscríbhinn XV, Caibidil 19.
20	Adharca agus táirgí adharc, gan min adharc a áireamh, agus crúba agus táirgí crúb, gan min crúb a áireamh, chun leasacháin orgánacha nó feabhsaitheoir ithreach a tháirgeadh	Ábhair de Chatagóir 3 dá dtagraítear in Airteagal 10, pointí (a), (b), (h) agus (n).	Comhlíonfaidh na táirgí na ceanglais a leagtar amach i Roinn 12.	Aon tríú tír.	Iarscríbhinn XV, Caibidil 18.

* Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhióch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379)."